**Leasú 138**
**Rasmus Andresen, Henrike Hahn**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0290/2023**
**José Manuel Fernandes, Christian Ehler**
An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') a bhunú
(COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Beidh dámhachtain an tSéala Ceannasachta coinníollach ar chomhlíonadh na gníomhaíochta le dlí saothair an Aontais agus leis an dlí saothair náisiúnta, le cearta sóisialta agus le cearta oibrithe, agus freisin leis na comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme. Beidh dámhachtain an tSéala Ceannasachta faoi réir breithnithe ar an inbhuanaitheacht shóisialta a bheidh níos cuimsithí ná íoscheanglais dhlíthiúla an Aontais agus na híoscheanglais dhlíthiúla náisiúnta maidir le dlí an tsaothair, maidir le cearta sóisialta agus maidir le cearta oibrithe, lena n-áiritear pá cothrom agus leormhaith, pleananna dea-shainithe ó thaobh scilithe, athscilithe agus uas-scilithe de, bearta chun feabhas a chur ar an gcomhionannas inscne agus ar an éagsúlacht ag an obair, agus printíseachtaí ardcháilíochta agus íoctha, mar aon le toirmeasc ar íocaíochtaí díbhinne, bónais agus aischeannach scaireanna agus gealltanas gan an táirgeadh a athlonnú chuig áit lasmuigh den Aontas laistigh de 5 bliana tar éis an Séala Ceannasachta a dhámhachtain. Thairis sin, ba cheart an ghníomhaíocht a bheith ina léiriú ar na caighdeáin eiticiúla is airde i leith dhámhachtain an tSéala Ceannasachta. Soláthróidh an Coimisiún treoir chun na modúlachtaí measúnaithe ar an gcomhlíonadh dá*** |

***dtagraítear sa mhír seo a shonrú tuilleadh.***

Or. en

**Leasú 139**
**Rasmus Andresen, Henrike Hahn**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0290/2023**
**José Manuel Fernandes, Christian Ehler**
An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') a bhunú
(COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I dteannta na lamháltas dá dtagraítear sa chéad fhomhír go dtí an cúigiú fomhír den mhír seo, cuirfear chun feidhme freisin leis an gCiste don Nuálaíocht imchlúdach airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027, ar fiú EUR 5 000 000 000 i bpraghsanna reatha é, chun tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le ***cuspóirí*** STEP ***dá dtagraítear in Airteagal 2***, pointe (a)***(ii)*** de Rialachán .../...[63] ***[Rialachán STEP]***. Ní chuirfear ***an t-imchlúdach*** airgeadais sin ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí ach amháin i mBallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017***'*** | I dteannta na lamháltas dá dtagraítear sa chéad fhomhír go dtí an cúigiú fomhír den mhír seo, cuirfear chun feidhme freisin leis an gCiste don Nuálaíocht imchlúdach airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027, ar fiú EUR 5 000 000 000 i bpraghsanna reatha é, ***amhail dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093,*** chun tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le ***cuspóir*** STEP ***maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasacha mar a shainmhínítear in [Airteagal 3***, pointe (a)***]*** de Rialachán ***(AE)*** ***.../... [an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta] tríd an imchlúdach airgeadais sin a chur ar fáil i dtreo is go bhféadfar tacú le Tionscadail Straitéiseacha mar a shainmhínítear in [Airteagal 2, pointe (e)] de Rialachán (AE) .../... [an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta], ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir athléimneachta nó iomaíochais a leagtar síos in Airteagal 10(1), pointe (a) nó pointe (b), de Rialachán ... [NZIA]*** Ní chuirfear ***75% den imchlúdach*** airgeadais sin ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí ach amháin i mBallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta |

ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017***. Sa bhreis air sin, sna glaonna ar thograí a bhaineann go sonrach leis an imchlúdach airgeadais sin, tabharfar aird ar leith ar chumas na dtionscadal aistriú cóir agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit, agus cuspóirí agus critéir an Chiste Nuálaíochta mar a leagtar síos sa mhír seo (i.e. Airteagal 10a(8) de Threoir ETS) á gcur chun feidhme agus iarracht á déanamh cothromaíocht gheografach tacaíochta airgeadais a bhaint amach.***

***[63] Rialachán …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle … [cuir isteach teideal iomlán agus tagairt IO].***

Or. en

**Leasú 140**
**Rosa D'Amato, Rasmus Andresen**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0290/2023**
**José Manuel Fernandes, Christian Ehler**
An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') a bhunú
(COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe 3**
Rialachán (AE) 2021/1058
Airteagal 3 – mír 1a – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar na hacmhainní faoin gcuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointí (a)(vi) agus (b)(ix), a chlársceidealú faoi thosaíochtaí tiomnaithe a chomhfhreagraíonn don chuspóir beartais faoi seach. | Déanfar na hacmhainní faoin gcuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointí (a)(vi) agus (b)(ix), a chlársceidealú faoi thosaíochtaí tiomnaithe a chomhfhreagraíonn don chuspóir beartais faoi seach ***agus beidh siad teoranta d'uasmhéid 5 % de leithdháileadh tosaigh CFRE***. |

Or. en

11.10.2023 A9-0290/141

**Leasú 141**
**Rosa D'Amato, Rasmus Andresen**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0290/2023**
**José Manuel Fernandes, Christian Ehler**
An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP') a bhunú
(COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) 2021/1058
Airteagal 5 – mír 2 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(4) In Airteagal 5(2), cuirtear isteach an pointe (e) seo a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***'(e) nuair a rannchuidíonn siad leis an gcuspóir sonrach faoi Chuspóir Beartais 1 a leagtar amach in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointe (a)(vi) nó leis an gcuspóir sonrach faoi Chuspóir Beartais 2 a leagtar amach i bpointe (b)(ix) den fhomhír sin, i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula, chomh maith le réigiúin níos forbartha sna Ballstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017.*** | |
| ***Beidh feidhm ag pointe (e) maidir le cláir Interreg ina bhfuil cumhdach geografach an chláir laistigh den Aontas comhdhéanta go heisiach de chatagóirí réigiún a leagtar amach sa phointe sin.'*** | |

Or. en

**Leasú 142**
**Rasmus Andresen, Henrike Hahn**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0290/2023**
**José Manuel Fernandes, Christian Ehler**
An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (‘STEP’) a bhunú
(COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11**
Rialachán (AE) 2021/1056
Airteagail 2, 8, 2 agus 10(4)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[...]*** | ***scriosta*** |

Or. en